

Acmhainní Ar Líne do na Teagascóirí agus do na Daltaí

Fáilte go dtínár n-acmhainní ar líne do na teagascóirí agus do na daltaí, arb acmhainní iad atá scríofa ag ár bhfoireann oideachais ag Áras Stair na hEorpa.

Má tá tú ag smaoineamh ar bhealach leis an teagasc ar stair na hEorpa a nascadh le saol an lae inniu, bhuel tá tú tagtha go dtí an áit cheart. Tá an t-ábhar oideachais seo forbartha go speisialta againn chun go mbeadh sé ag teacht leis an insint atá ag gabháil leis an mbuantaispeántas ag Áras Stair na hEorpa. Is féidir leat – sa seomra ranga, sa bhaile nó i suíomh oideachais eile – dul trí chuid de na mórthéamaí atá chomh hábhartha céanna don saol sa lá atá inniu ann agus a bhí do mhuintir na hEorpa san am a caitheadh. Má tharlaíonn sé go dtabharfaidh tú cuairt ar an músaem, feicfidh tú freisin go bhfuil acmhainní ar an láthair againn a dhéanann iniúchadh ar an téamaí céanna sin.

Raon aoise

Tá an t-ábhar oideachais scríofa ar bhealach sothuigte agus neamhshrianta lena chur ar do chumas gach a bhfuil ann a oiriúnú agus a úsáid ar an tslí is fearr a fheileann do na daltaí. Tá cur chuige téamach againn, rud a chiallaíonn gur féidir leat dul siar agus aniar ar an ábhar agus réimsí oibre a roghnú a d'fhéadfaí a theagasc mar ábhar bunoidreachais, meánoideachais nó tríú leibhéal.

Cur chuige na foghlama leis na hacmhainní

Tá acmhainní cruthaithe againn a dhéileálann le téamaí atá ar gach uile churaclam oideachais ar fud na hEorpa. Ar an gcaoi chéanna, tá go leor bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh múinteoirí agus teagascóirí tabhairt faoin ábhar atá beartaithe acu a mhúineadh agus an tslí lena mhúineadh. Dá bhrí sin, tá struchtúr téamach ag roinnt leis na hacmhainní seo againn seachas iad a bheith in ord croineolaíoch; tá siad trasnáisiúnta seachas fócas náisiúnta a bheith leo agus réimsíonn siad thar thréimhsí éagsúla ama ionas gur féidir cur chuige a ghlacadh ina ndéantar 'comparáid agus codarsnacht'. Níos tábhachtaí fós, cuirtear a lán ceisteanna ar fud fad na n-acmhainní agus ba mhaith an rud é, dar linn, leanúint den nós sin leis na daltaí. Aidhm lárnach inár gcuid oibre is ea go ndéanfar forbairt ar scileanna an mhachnaimh chriticiúil agus go méadófar na croí-inniúlachtaí oideachais.

Tugann na hacmhainní seo an deis príomh-inniúlachtaí in eolas, scileanna agus dearcthaí a chothú. Is inniúlachtaí iad sin atá sainithe mar inniúlachtaí atá riachtanach don sásamh pearsanta agus don fhorbairt phearsanta, don chuimsiú sóisialta, don tsaoránacht ghníomhach agus don fhostaíocht.

Tagairt: [Moladh 2006/962/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle](#) an 18 Nollaig 2006 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil (2006).

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin gcur chuige foghlama seo againn sa doiciméad PDF *Learning Resource Objectives*.

Téamaí

Teorainneacha agus droichid - Imirce

Is ceist mhór i mbéal an phobail in Eoraip an lae inniu í saincheist na himirce, ach cén fáth? Tá gluaiseacht ollmhór daoine ar fud an domhain ag tarlú, faoi mar atá le feiceáil ó eachtraí éagsúla ag réimsiú ó dhaoine á mbá go tragóideach sa Mheánmhuir go dtí ‘imirce daoine oilte’, mar a thugtar air, san Eoraip féin. Sa téama seo, scrúdaítear cuid de na cúiseanna atá leis na himircí sin agus iarrtar orainn ár machnamh a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaimis tuiscint níos fearr a fháil ar ghluaiseachtaí daoine sa lá atá inniu ann, bíodh na gluaiseachtaí sin ar bhonn deonach nó ar bhonn éigeantach. Úsáidtear samplaí ó stair na hEorpa chun cuidiú leis an léargas a bheadh againn ar an gceist.

Cé hé tusa dar leat? – Céannacht

Cén sainmhíniú atá agat ar do chéannacht? Cad iad na saintréithe a bheadh ag gabháil leis an gcéannacht sin? Bíonn athruithe agus forás ag teacht go leanúnach ar chéannacht, agus dá bhrí sin is féidir le hathrú teacht ar na tuairimí atá againn faoi cé sinne agus faoi cé hiad daoine eile. Scrúdaíonn an téama seo nádúr ilghnéitheach na céannachta agus baintear leas as samplaí ón am a caitheadh agus samplaí comhaimseartha chun sinn a chur ag smaoineamh ar cad a bheadh i gceist leis an gcéannacht Eorpach sa 21^ú haois.

Seabhaic agus colúir - Coimhlint

Is iomaí sin cúis ann a thugann ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí teacht i gcoimhlint lena chéile. Ag an am céanna, tá rudaí ann nach féidir linn a bhaint amach d’uireasa daoine eile. Sa téama seo, déantar iniúchadh ar an dinimic a bhaineann le cogadh agus síocháin trí bhreathnú ar phatrún den chaidreamh a bhíonn idir buaiteoirí agus cailliúnaithe, idir síochánaithe agus gríosóirí cogaidh. Tugtar chun suntais ann gur ann don Eoraip faoi mar atá sa lá atá inniu ann mar gheall ar stair ina raibh cogadh, forghabháil agus scrios, ach freisin stair ina raibh dlúthpháirtíocht, caibidlíocht agus athmhuintearas.

Déileáil go comhionann le daoine? – Cearta an Duine

Sa téama seo, féachtar le himscrúdú a dhéanamh ar chuid de na catagóirí is suaithinsí a thagann faoin sainmhíniú leathan ar chearta an duine, agus déantar measúnú ann ar na nithe a cheanglaíonn cearta agus freagrachtaí le chéile agus ar na nithe a chruthaíonn contrárthacht eatarthu. Bainfear úsáid as samplaí comhaimseartha agus stairiúla, as an Eoraip agus as áiteanna eile ar domhan, chun bheith mar threoir do na foghlaimeoirí agus an topaic seo á iniúchadh acu. Rud é sin a thabharfaidh orthu a machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun freagairt do chásanna casta eite. I measc na réimsí a chlúdófar, beidh urraim do na cearta atá ag daoine eile, an choimhlint idir cleachtais chultúrtha agus cearta an duine, agus cibé an féidir bonn cirt a thabhairt riamh do chearta áirithe a shéanadh ar dhaoine i gcásanna ar leith.

Cumhacht na cumarsáide – Teicneolaíochtaí faisnéise

Néalríomhaireacht, píoráideacht idirlín, WikiLeaks – is gnéithe tábhachtacha iad sin uile do ré na faisnéise mar atá againn sa 21^ú aois. Tá athrú ó bhonn déanta ag na teicneolaíochtaí cumarsáide ar an saol poiblí agus príobháideach san Eoraip le blianta beaga anuas, ach i ndáiríre is cuid iad na teicneolaíochtaí sin den stair fhada a bhain le forbairt na teicneolaíochta a raibh dlúthbhaint aici leis an mór-roinn ina bhfuilimid. Sa téama seo, déantar iniúchadh ar an tslí a raibh tionchar ag na teicneolaíochtaí, idir shean agus nua, ar shaol na hEorpa le céad go leith bliain; tionchar a bhí dearfach chomh maith le bheith diúltach.

Conas na hacmhainní a úsáid

I ngach téama tá an rannáin seo a leanas:

1. **Réamhrá:** Forléargas ar an struchtúr foriomlán agus teachtaireachtaí faoin téama.
2. **Roinn:** Tá gach téama roinnte ina thrí roinn oibre, a ndíríonn gach ceann díobh ar ghnéithe éagsúla den téama a bhfuil staidéar á dhéanamh air. Is féidir oibriú ar na ranna éagsúla go neamhspleách ar a chéile.
3. **Nótaí don Mhúinteoir:** Tugtar iad seo laistigh de gach ceann de na trí roinn atá i dtéama. Áirítear orthu gníomhaíochtaí ranga nó gníomhaíochtaí grúpa agus tagairt shonrach ann do na hacmhainní atá ag gabháil leis an téama (féach 4 thíos). Is é atá i gceist againn le gníomhaíochtaí ranga ná seisiúin faoi threoir an teagascóra a dhéantar os comhair an ranga. Is atá i gceist againn le gníomhaíochtaí grúpa ná seisiúin a bhíonn ar siúl ag na daltaí agus iad ag obair leis na hacmhainní i ngrúpaí dóibh. Tá gearrthóga físeáin/clostaifid neadaithe i gcuid de na nótaí agus is féidir iad sin a rochtain agus a sheimn don rang trí chliceáil ar an ngabháil scáileáin a thugtar mar ábhar léiriúcháin. Tá tréimhsí ama molta againn mar thréimhsí chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh. Is fút féin atá sé, áfach, na gníomhaíochtaí is fearr a oireann do riachtanais do ranga a roghnú.
4. **Acmhainní:** Is féidir na doiciméid seo a scaipeadh ar na daltaí. Tá ábhar foinseach stairiúil, idir ábhair phríomhúla agus ábhair thánaisteacha, ina measc agus amanna is sa bhunteanga atá na hábhair. Áirítear orthu freisin téacsanna agus/nó íomhánna comhaimseartha. Ós rud é go bhfuil cuid de na hacmhainní ag plé le saincheisteanna stairiúla agus comhaimseartha de chineál íogair, moltar cúram áirithe a ghlacadh nuair a bhíonn siad in úsáid i seisiún grúpa.
5. **Tras-scríbhinn de na gíotaí scannáin/fuaimrianta:** Tá tras-scríbhinn curtha ar fáil againn i 24 theanga, nuair is gá sin, don ábhar físeáin agus clostaifid atá in úsáid sna Nótaí don Mhúinteoir agus sna hAcmhainní. Ós rud é gur nasc chuig foinsí seachtracha atá san gíotaí físeáin, molaimid cúram a ghlacadh nuair a bhítear ag obair leis an ábhar sin sa seomra ranga.